www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Patrúin Cheimiceacha agus ár dTimpeallacht
## Modúl 3

## Bonnsraith

**[GSC31]**

GSC31

**DÉARDAOIN 19 BEALTAINE 2011, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí ar fáil le húsáid leis an pháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| Marc Iomlán | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

1 (a) Bíonn ceimiceáin i ngnáthshubstaintí tí. Tarraing líne le gach substaint tí a cheangal den cheimiceán atá inti.

| **Substaint tí** | **Ainm an cheimiceáin** |
|---|---|
|  Sú líomóide<br>*© Linda Stradley http://whatscookinginamerica.net* | hiodrocsaíd mhaignéisiam |
|   Glantóir oighinn<br>*© iStockphoto / Thinkstock* | hiodrocsaíd sóidiam |
| | aigéad eatánóch |
|   Bainne na Maignéise<br>*© Charles D. Winters / Science Photo Library* | aigéad citreach |


[3]


www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Bíonn na siombailí seo thíos ar bhuidéil na gceimiceán i saotharlann.


A


B


C


D

*© Crown copyright*

**(i)** Cén t-ainm a thugtar ar na siombailí seo thuas?

**Ciorclaigh** an freagra ceart.

**siombailí ceimiceacha** : **siombailí baoil** : **siombailí guaise** [1]

**(ii)** Cén baol atá á léiriú le **siombail A**?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Cé acu siombail **A**, **B**, **C**, nó **D** ba chóir a bheith ar cheimiceán atá pléascach?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Luaigh fáth **amháin** a gcuirtear na siombailí seo ar bhuidéil cheimiceán.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(d)** Sa bhosca thíos, tarraing an tsiombail do shubstaint ar greannaitheoir í.

[1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Cuirtear seirbit i milseáin áirithe.




*© Tangerine Confectionery Ltd*

Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**salann : aigéad citreach : ocsaigin : te**

**giosála : dé-ocsaíd charbóin : hidrigin : siúcra reoáin**

Le seirbit a dhéanamh, measctar sóid aráin, ____________________

agus _____________________ le chéile.

Nuair a mheascann seirbit le taise sa bhéal, déantar gás darb ainm

__________________________.

Bíonn mothú deas _____________________ sa bhéal mar gheall ar an ghás seo.

[4]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Taispeánann an leáráid thíos suíomh na leictreon, na bprótón agus na neodrón in adamh.

**(a)** Leis an léaráid a chomhlánú, tarraing líne ó na hainmneacha le leictreon, prótón agus neodrón a lipéadú.

**Ainmneacha**




[3]


**(b)** Ainmnigh an cáithnín san adamh a bhfuil an mhais is lú aige.

________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Taispeánann an léaráid thíos struchtúr an Domhain.




**(a)** Úsáid an léaráid le cur síos ar:

**(i)** screamh an Domhain.

________________________________________ [1]

**(ii)** cad é as a bhfuil croí an Domhain déanta.

________________________________________ [1]


**(b)** Comhlánaigh an abairt seo thíos.

Táirgeann meath radaighníomhach ____________________ a thugann ar charraigeacha a bheith ag leá. [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an léaráid trasghearradh trí bholcán.




**(i)** Tarraing líne ó **X** go dtí aon chuid den bholcán ar leacht í. [1]

**(ii)** Taispeánann lipéad **Y** céadbhrúchtadh an bholcáin seo. Agus an brúchtadh atá ann faoi láthair san áireamh, cá mhéad brúchtadh san iomlán atá i ndiaidh a bheith ann?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** In amanna, tarlaíonn tonn ollmhór na farraige mar gheall ar bholcán. Cad é an t-ainm a thugtar ar an chineál toinne seo?

_______________________________________________ [1]

**(d)** Bhrúcht bolcán mór san Íoslainn i mBealtaine 2010. Chruthaigh sé cuid mhór fadhbanna do dhaoine a bhí ag taisteal in eitleán. Tarraing léaráid sa spás thíos lena thaispeáint cén t-ábhar a tháinig amach as an bholcán leis an fhadhb a chruthú.

[1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Cúig líosta de dhúile atá sa tábla seo thíos.

| A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|
| litiam | beirilliam | héiliam | sóidiam | fluairín |
| sóidiam | maignéisiam | neon | maignéisiam | clóirín |
| potaisiam | cailciam | argón | alúmanam | bróimín |

Úsáid an fhaisnéis thuas agus an Bhileog Sonraí leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(a)** Cé acu liosta, **A**, **B**, **C**, **D** nó **E** nach bhfuil ach miotail alcaile ann?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Scríobh ainm dúile a mbeadh na hairíonna céanna le clóirín aici.

_______________________________________________ [1]

**(c)** Cé acu liosta, **A**, **B**, **C**, **D** nó **E** a bhfuil dúile ann atá támh ó thaobh ceimiceán de?

_______________________________________________ [1]

**(d)** Scríobh siombail dúile a bhaineann leis na miotail chré-alcaileacha.

_______________________________________________ [1]

**(e)** Cé acu liosta, **A**, **B**, **C**, **D** nó **E** nach **Grúpa** ón Tábla Peiriadach é? Luaigh fáth le do fhreagra.


_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Taispeánann an léaráid thíos goile an duine.




In amanna, bailíonn barraíocht aigéid sa ghoile agus bíonn sé seo nimhneach.

**(a)** Ainmnigh an riocht a tharlaíonn sa ghoile mar gheall ar bharraíocht aigéid.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Is féidir sóid aráin a chaitheamh leis an riocht seo a leigheas. Cuir síos ar an dóigh ar cuidiú í sóid aráin.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** I ndiaidh do dhaoine sóid aráin a chaitheamh leis an fharasbarr aigéid sa ghoile a leigheas, déanann siad brúcht in amanna. Mínigh cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Rinne Seán fiosrú ar an dóigh a mbíonn éifeacht ag an méid hidrigincharbónáit sóidiam ar an airde a shroicheann taifí cíor mheala. Tá a chuid torthaí anseo thíos.
Tá ceann amháin de na torthaí **nach bhfuil** ceart.

| Méid hidrigincharbónáit sóidiam/g | 4 | 8 | 12 | 16 | 20 | 24 | 28 | 32 | 36 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Airde taifí cíor mheala/ cm | 2.0 | 3.0 | 4.0 | 4.2 | 6.0 | 6.4 | 6.6 | 6.6 | 6.6 |

**(a)** **(i)** Breac na pointí agus tarraing líneghraf ar an eangach thíos.

NB: Agus an líne á tarraingt agat, cuir san áireamh go bhfuil toradh **amháin** mícheart.




[3]

**(ii)** Ón ghraf, oibrigh amach cad é an airde ba cheart a bheith ag an toradh atá as áit.

______________________________ cm [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Ó na torthaí, cuir síos ar an dóigh a mbíonn éifeacht ag an méid hidrigincharbónáit sóidiam ar an airde a shroicheann an chíor mheala.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Shocraigh an múinteoir go ndéanfadh sí níos mó den chíor mheala. Cad é an méid is lú de hidrigincharbónáit sóidiam ba chóir di a úsáid leis an airde is mó a fháil?

______________________ g [1]

**(d)** D'iarr Seán cead cúpla braon fínéagair a chur leis an mheascán le go mbeadh sé níos airde fós. Mínigh ina iomláine cad chuige a mbeadh difear ann mar gheall ar an fhínéagar.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(e)** Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú idir fínéagar agus hidrigincharbónáit sóidiam.

hidrigincharbónáit sóidiam + ______ ⟶ eatánóáit sóidiam + dé-ocsaíd charbóin + ______

[2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.